Leath re Fódla fuil Uidhir

[Greene, David: *Duanaire Mhéig Uidhir*, Dublin, 1972, poem 1]

1 Leath re Fódla fuil Uidhir
Fódla ní fhuil ’na haghaidh;
ní béim clú le Fiadh bhFuinidh
crú Uidhir riamh ’na raghuin.

2 Gach neach d’Ultalbh ag umhla
le hUlltoibh Tech na Teamhra;
’na leth riamh do bhí Banbha
gach rí tarla ar Fhiadh Emhna.

3 Gan neach d’Éirinn ’na aghuidh
is leth re hÉirind Ulaigh,
muna mó le Mág Uidhir
Fád Fuinidh a ccló chubhaidh.

4 Ar cCú Chonnaichtne a ccéimibh
clú du thromaicme táruidh;
mór a dhíol do lucht laoighidh
gníomh aoinfhir a ngurt ghábhuidh.

5 Nír léig imtheacht d’fhuil Uidhir
- is inntlecht ler chuir comhaidh -
ar tí éirghe ’na aghuidh
anaidh rí Éirne d’fhoghail.

6 Fuil Uidhir ag díol dáimhe
cuiridh an síodh a saoire;
ní fhéad cách buing a mbéime
sgáth a chéile ar Chloind Chraoidhe.

7 Mac Siobhán a ndáil Danar
ag tionál Chláir na cCuradh,
téid an chóir dóibh nach dleghar
’s nír benadh cóir d’fhóir Uladh.

8 Clú Gaoidheal san ágh iomchruidh,
ní tár le haoinfher orthaibh;
geall ó chách ag clú an Mhanchaigh
an tráth taghthoir crú Cobhthaigh.

8a. Mág Uidhir ar fheidhm d’fhéghadh
feidhm is duligh do dhénumh;
gidh bé heile a ccrú chaoilshlegh
clú Gaoidheal d’eire ar énfher.

9 Séla a ccairti ar Bhóinn mbiligh
mar is cóir d’aicme Uidhir;
mithidh dóibh triall dá ttoighibh
le fóir Oiligh Fiadh Fuinidh.

10 Toil cháigh dá dheoin ní dhiongna
a ndeoigh an chláir do chomhdha;
do bhí ar cor budh mó a mhenma
ar ccor sealbha ar Chró cConla.

11 Cáin Bhanbha do do dáiledh
tarla so mur do saoiledh;
nírbh fherr hé iná Art Énfher
- déinedh sé le Gart Gaoidheal.

12 Ben gá bhfuil céile cubhaidh
Éire do chuir fá chomhaidh;
cáin do-chóidh le Fád Fuinidh
Mág Uidhir tóir a tobhaigh.

13 Sé sa bheirn dob fháth uamhain,
an tseilbh ar chách do chaomhain;
ní hobuir ríogh feidhm féinnidh
bíodh gur réidhigh beirn mbaoghuil.

14 Cumhain le Bóinn ’s le Breghaibh
dóibh gur chubhuidh a ccobhair;
gan bheith riamh fa Fhréimh Uidhir
d’Fhiadh Fuinidh féin as foghail.

15 Ar luadh dá mesda Manchoigh
a luagh fesda ní fuighthir;
má atá medh do chrú Chobhthaigh
clú orthoibh cedh fá ccuirthir?

16 Guin a dhondalt a ndeabhuigh
le Coin Connacht as cumhain;
ibhther sreabh ar slios ccalaidh
fledh lér thabhaigh Lioss Lughaigh.

17 Ní cosmhail cor ’na n-aghuidh
- an ghasraidh do thogh Temhair -
a mbreith féin ar Fiadh bhFuinigh
ag Fréimh Uidhir riamh remhaibh.

18 Let Cruacha tiar a ttiomna
mur na tuatha um fhiadh Emhna
budh saor soin ar fher t’fhoghla,
teagh gan comhla a Moigh Mhedhbha

19 A ré lán fhola hUidhir
gan duine dá rádh romhaibh,
an chuid as fherr d’fhóir Oiligh
geall oinigh dóibh ad dheghaidh.

20 Do thoil don chléir ag comholl
béim ar do bhloidh ní bhenann;
ní fhéd sí t’fhéile d’fhulong
cumhang dí Éiri d’fherand.

21 Breth ’na haghaidh ní fhaghthoir
neach at aghuidh ní hinchuir,
ní do bhádh re crú Cobhthoigh
toghthoir tú le Clár Criomhthuin.

22 Ríoghraidh thoghtha Fhóid Éimhir
a ccomhtha led chóig maoraibh;
lór sin dot aithne dh’aoidhigh
Gaoidhil libh d’fhaighthe an aonaigh.

23 Car ad chend ní budh cubhaidh
do gheall ar bhladh ní berair;
rugais geall ar fhóir Oiligh
geall oinigh ós dóibh dleghair.

24 Sgáth mur sin re hess n-anfaidh
do ghoin a ttres ní toghthoir;
do bhí ’san ágh ar h’ionchoibh
rí farb ionchuir Clár Cobhthoigh.

25 Tráigh ar t’fhéile ní fhaghar
a chéile Chláir na cCuradh;
tú féin as cóir ad chomhar
moladh nách béim d’fhóir Uladh.

26 Crodh le cléir uaibh gan áiriomh
a thol féin fuair gach aoinfher;
mó iná sin ort do hiarradh
dá n-iarradh sibh Gort Gaoidheal.

27 Críoch Gaoidheal do léim luidhe
ní béim le haoinfher eile;
cóic slóigh ag breith a bhuidhe
luidhe dóibh fán mbreith bheiri.

28 Cairt a fhiach ar Bhóinn mbiligh
an triath do-chóidh fád chomhuidh;
nír chreit rí ó Leic Lughaigh

gur chubhaidh dhí a reic romhaibh.

29 An tráth dob fherr Meic Mhíliodh
geall ó chách deit do dáiledh;
gan barr uaibh ag Art Aoinfher
acht Gart Gaoidheal uaidh d’áiremh.

30 Sí dot mhnáibh, a Mhéig Uidhir,
tar do dháil ní théid Temhair;
ná sir cáin acht cáin chubhaidh,
brughaidh cáigh libh ’s a leabhuir.

31 Sibh ar toil cáigh do-chíthir,
le dáimh ód thoigh ní tiachair;
beg dot fhéile a bhfuil fúthaibh,
Éiri as dúthaidh d’fhuil Fhiachaidh.

32 Fine Colla a ccrú chaoilshlegh
ní dronga ar ar dú dénamh;
iomdha a mbeirn ód bhróin mhíledh
feilm líneadh n-óir ’na hénar.

33 Craobh úr le truime an toraidh
a huille ar úr fá Emhain;
’san chuid nach libh d’Fhiadh Fhuinidh
cuiridh sibh fiar a bhfedhaibh.

34 Tonn nach roghar d’Fhád Oiligh
as moladh do Mhág Uidhir;
fada ó Chlár Chuinn a chobhair
sál ar comhair Fhuind Fhuinigh.

35 Cosmhail muir ag triall toraidh
ré bhfuil fiar dona fedhaibh;
ní beg faoi a ttoigh do theinigh
goil deiridh an laoi leabhuir.

36 Tug sin a dhola a ndaoinibh
ní thsir acht comha chéilligh;
dob fhiú a chert ar cóig cánaibh
nár tsáraigh reacht Fhóid Éimhir.

37 An líon fedhma ó iath Oiligh
grian na berna fán mbuidhin;
ní fhuil ar a ttí acht Temhair
a mbí a ndeabhaigh d’fhuil Uidhir.

38 Andamh fear méine an Mhanchaigh
medh a fhéili ní fhuighthir;

gé atá geall ag crú Chobthaigh
clú orthalbh ’na cheann cuirfidh.

39 A chlú ar chomairci a chinidh
ar gCú Chonnaichtne cuiridh;
do Chlár Néill uile as omhain
foghail réidh fhuile hUidhir.

40 Slat do bhláth fhola hÚna
an comha gnáth ní ghébha;
mó do thuill a n-uair ágha
má fuair chána Fhuinn Énna.

41 Cnesdo co mbéra an báire
sgéla a ttesdas gach taoibhe;
ní fáth clú, ní buain béime
Éiri d’uaim do Chrú Chraoidhe.

42 Clú na consin an ccluine ?
re a clú ní cosmhail ridhe,
nír mhisdi a dhíol uair eile
an díol reimhe fuair file.

43 Tuc Mar-ghrécc...
in ghéc nár dhiult re ndámhaibh,
gan béim dá gaol ’na gníomhuibh
fíonfhuil an chraobh Néill náraigh.

44 A bladh féin uirthe d’fhiadhuin
slat do fhréimh fhule hEoghain,
ni ben cruaiss hí re haoidhidh
sgaoilidh sí duaiss an deoraidh.

45 Bean nár char dol a ndiamhair
a cradh ac dol don deoraidh,
ní ferr an mhuir fa mhaoinibh,
an tseng fhaoilidh d’fhuil Eoghain.